

Coláiste Ghobnait Inis Oírr



Polasaí Taistil 2026/2027

Glactha leis ag an mBord Bainistíocht ar an 9/10/2026
Faofa ag an mBord Oideachas agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin
(BOOGR) ar an (dáta le cinntiú)

Ullmhaíodh an Beartas seo i gcomhairle le Tuismitheoirí, Scoláirí, Baill Foirne, an
Bord Bainistíochta agus an BOOGR

BAINEANN AN POLASAÍ SEO LE:

Daltaí, foireann na scoile, tuismitheoirí, Bord Bainistíochta na scoile chomh maith le Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Roscomáin.

RÁITEAS MISIN

Ár misiún i gColáiste Ghobnait ná forbairt oideachasúil, intleachtúil, fisiciúil agus culturtha a spreagadh i measc scoláirí na scoile i dtimpeallacht thaitneamhach shláintiúil a thugann tús áite don fhéinmheas, don neamhspléachas agus d'fhorbairt gach ball de phobal na scoile.

FÍS NA SCOILE

“Ag fás is ag foghlaim le chéile go díograiseach agus go dúthrachtach trí mheán na Gaeilge, ina dtugtar tús áite do chothromaíocht, meas folláine agus ionracas, le spiorad an chomhoibrithe i measc pobal uile na scoile.”

ÉITEAS



POLASAÍ TAISTIL

Aithníonn an scoil gur cuid thábhachtach den taithí oideachais iad turais scoile, turais ranga agus imeachtaí lasmuigh den scoil. Cuireann siad deiseanna foghlama ar fáil nach féidir a chur ar fáil go hiomlán trí ghníomhaíochtaí laistigh den seomra ranga. Tugann turais oideachais deis do dhaltaí a scileanna intleachtúla, cultúrtha agus sóisialta a fhorbairt agus a shaibhriú. Cuireann siad le heispéiris foghlama na ndaltaí agus cothaíonn siad scileanna ceannaireachta, obair foirne agus cumarsáide.

Cuspóirí:

- Go ndéanfar sláinte, sábháilteacht agus leas ár ndaltaí a chosaint trína chinntiú go bhfuil cúram réasúnta déanta maidir le cineál an turais a roghnaítear, an leibhéal maoirseachta a chuirtear ar fáil, an t-ionad a roghnaítear, an modh iompair agus an measúnú cúramach ar aon bhaol a bhféadfadh na daltaí a bheith nochtaithe dó.
- Go mbainfidh na daltaí an tairbhe oideachais agus an taitneamh is mó agus is féidir as gach turas/imeacht. Mar shampla, ba cheart go leathnódh turais agus imeachtaí scoile taithí chultúrtha agus intleachtúil gach dalta; go gcothóidís neamhspleáchas, aibíocht agus obair foirne; go bhfeabhsóidís scileanna sóisialta na ndaltaí; go gcuirfidís le sealbhú teanga; go gcruthóidís cuimhní dearfacha ar an scoil; go gcuirfidís tuiscint níos fearr chun cinn idir cultúir éagsúla; go spreagfaidís taisteal agus staidéar thar lear; go gcuirfidís rannpháirtíocht gach dalta chun cinn; agus go bhfeabhsóidís scileanna cumarsáide.
- Go mbeadh an fhoireann ar an eolas gur cheart go mbeadh an leibhéal cúraim a theastaíonn uathu ar chomhchéim leis an gcúram a chuirfeadh “tuismitheoir stuama” ar fáil, agus go n-athródh sé sin de réir na gcúinsí agus aois na ndaltaí.

Eolas Ginearálta

- Tá **Cód Iompair na Scoile** agus an **Polasaí Frithbhulaíochta** i bhfeidhm maidir le gach imeacht, turas, camchuairt agus cluiche scoile, cibé acu a bhaineann fanacht thar oíche leo nó nach mbaineann. Ina theannta sin, beidh polasaithe ábhartha eile na scoile, amhail an **Polasaí um Mhí-Úsáid Substaintí** agus an **Polasaí Sláinte agus Sábháilteachta**, infheidhme freisin.
- Moltar go mbeadh sceideal iomlán na dturas agus na n-imeachtaí atá beartaithe don scoilbhliain ar eolas agus faofa ag tús na bliana scoile nó chomh luath agus is féidir. Tá cead le fáil ón bPríomhoide roimh aon turas a eagrú. Ba cheart do mhúinteoirí ar mian leo turas scoile a eagrú togra mionsonraithe a chur faoi bhráid an Phríomhoide. I gcás turas thar lear, ní mór tréimhse ceithre mhí ar a laghad a bheith idir an togra a chur isteach agus an turas a chur i bhfeidhm.
- Tabharfaidh an Príomhoide cead do thuras nó do chamchuairt scoile tar éis breithniú a dhéanamh ar:
 - líon na n-imeachtaí atá beartaithe don scoilbhliain;
 - cibé an gcomhlíonann an turas critéir Chiorclán M20/04;
 - an tionchar a bheidh aige ar ghnáth-theagasc na scoile; agus
 - inbhuanaitheacht na socruithe taistil agus lóistín.
- Tá pleanáil chúramach riachtanach do gach turas agus imeacht chun a chinntiú go bhfuil gach duine ar an eolas faoi na réamhchúraimí riachtanacha maidir le sláinte agus sábháilteacht na ndaltaí agus na foirne. Cinntíonn sé seo freisin go reáchtáiltear gach turas agus imeacht go héifeachtúil agus go réidh, agus go mbíonn an leibhéal maoirseachta ag teacht leis na treoirlínte agus na caighdeáin chuí.
- Ní mór d’eagraí an turais nó na camchuirte a chinntiú go gcomhlánaítear an fhoirm mheasúnaithe riosca chuí agus go gcuirtear cóip di ar fáil don Phríomhoide.
- Sula nglacfar le dalta ar aon turas nó imeacht, cuirfear a iompar roimhe sin san áireamh. D’fhéadfadh taifead de sháruithe ar **Chód Iompair na Scoile** dalta a dhícháiliú ó bheith rannpháirteach i dturas nó in imeacht scoile. Cuirfear tinreamh an dalta san áireamh freisin sula gceadófar dó/di páirt a ghlacadh i dturas scoile.

- Cuirfear tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas roimh ré faoi gach turas agus imeacht (ar Tyro). Beidh ar na tuismitheoirí/caomhnóirí an fhoirm toilithe chuí a shíniú (ar Tyro). Ar an mbealach seo, cruthaítear comhpháirtíocht idir tuismitheoirí/caomhnóirí, daltaí agus múinteoirí chun dea-iompar agus iompar cuí a chur chun cinn i gcónaí. Beidh costas an turas le n-íoc ar Tyro.
- Tá oiliúint leordhóthanach i gcosaint leanaí faighte ag gach ball foirne agus tá siad ar an eolas faoi nósanna imeachta cosanta leanaí na scoile agus faoin dualgas cúraim atá ar an scoil i leith a cuid daltaí.
- Ní ligfear do scoláire scaradh ón ngrúpa ach amháin faoi chúram tuismitheoir nó duine fásta atá ainmnithe ag an tuismitheoir roimh ré fiú má tá an scoláire os cionn 18 bliain d'aois. Ní mór an scoil a bheith curtha ar an eolas faoi seo roimh an turas/imeacht scoile.
- Ní mór don tuismitheoir/duine fásta an scoláire a bhailiú ó áit atá socraithe roimh ré. Tá sé riachtanach go gcuirfidh ionadaí tuismitheora é/í féin in aithne don mhúinteoir agus go ndeimhneoidh sé/sí go bhfuil sé/sí ag glacadh freagrachta maidir le cúram an scoláire go dtí go bhfillfidh an scoláire ar an ngrúpa arís nó go bhfillfidh an scoláire ar an oileán pé acu atá oiriúnach.
- Cloífear le Cód Iompair agus polasaithe na scoile ar thurais faoi mar a dhéantar sa scoil.

Turais Scoile Thar Lear – Freagrachtaí Cheannaire an Turais agus na Céimeanna atá i bPleanáil agus Riarachán an Turais

- Litir a dháileadh ar dhaltaí ag cur eolais ar fáil faoin turas scoile thar lear.
- Clúdach árachais na cuideachta taistil a sheiceáil lena chinntiú go gcomhlíonann sé riachtanais ETBI.
- Meastachán praghaís a fháil ón gcuideachta taistil.
- Costas measta an turais in aghaidh an dalta a ríomh chun gach costas a chlúdach.
- Litir a ullmhú do thuismitheoirí ina leagtar amach sonraí an turais atá beartaithe. Cuirfear litreacha breise ar fáil do thuismitheoirí roimh an turas le tuilleadh sonraí.
- Foirmeacha toilithe sínithe a bhailiú ó thuismitheoirí/chaomhnóirí (ar Tyro) agus foirmeacha sínithe a bhailiú ó dhaltaí ag deimhniú go gcloífidh siad leis an gcód iompair le linn an turais.
- Gach íocaíocht airgid a lóisteáil agus admhálacha a eisiúint dá réir.
- Taifead airgeadais a choinneáil ar gach ioncam agus caiteachas agus bualadh leis an bPríomhoide tar éis an turais chun cúrsaí airgeadais a phlé.
- An clár taistil a phleanáil i gcomhar leis an gcuideachta taistil.
- Cóipeanna de phasanna a dhéanamh agus sonraí na bpasanna a sheoladh chuig an gcuideachta taistil.
- Cóipeanna de gach cáipéisíocht a bhaineann leis an turas a dhéanamh agus cóip a thabhairt do gach múinteoir atá ag taisteal ar an turas.
- Uimhreacha teagmhála gach dalta agus a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí a fháil.
- Uimhir theagmhála a thabhairt do dhaltaí agus do thuismitheoirí ionas gur féidir teagmháil a dhéanamh le ceannaire an turais le linn an turais.
- Seomraí na ndaltaí san óstán a leithdháileadh.
- Bualadh leis na daltaí roimh an turas chun an turas, sláinte agus sábháilteacht a phlé, agus a bheith ar fáil chun ceisteanna ó thuismitheoirí/chaomhnóirí agus ó dhaltaí a fhreagairt.
- Tá freagracht fhoriomlán ar cheannaire an turais agus ar an bhfoireann tionlacain as sláinte, sábháilteacht agus leas na ndaltaí uile le linn an turais, i rith an lae agus san oíche.
- Aird ar leith a thabhairt ar dhaltaí nach n-oireann isteach go sóisialta, ar dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, agus ar dhaltaí a bhfuil aon cheisteanna eile acu (leighis, airgeadais, srl.).
- Riachtanais leighis - Ní mór do thuismitheoirí/chaomhnóirí eolas a thabhairt maidir le aon riachtanais sláinte atá ag scoláire. Ba cheart do cheannaire an turais teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí/caomhnóirí roimh thús an turais má tá aon ábhar imní ann maidir le tinneas, cineál cógais atá á ghlacadh, srl.
- Sula dtarlaíonn an turas, ní mór sonraí iomlána an chlár taistil, sonraí na n-eitiltí, sonraí an lóistín, sonraí an mheasúnaithe riosca, liosta na ndaltaí agus a gcuid sonraí teagmhála pearsanta agus

teaghlaigh, chomh maith le sonraí teagmhála na foirne uile atá ag gabháil ar an turas, a chur faoi bhráid an Phríomhoide.

Daltaí a bhfuil Riachtanais Breise Oideachais acu

Cuirtear daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais (RBO) acu san áireamh do gach turas scoile agus tugtar an deis dóibh páirt a ghlacadh. Déantar socruithe cuí maoirseachta do gach dalta, de réir nádúr agus fad an turais.

I gcás turais scoile a mhaireann roinnt laethanta agus a bhaineann le taisteal thar lear, d'fhéadfadh sé gur ghá an cóimheas maoirseachta a choigeartú chun freastal ar riachtanais áirithe daltaí. Déanfar iarratais ó dhaltaí a bhfuil riachtanais chúraim níos casta acu a mheas ar bhonn cás ar chás, agus lorgófar comhairle ó ghairmithe cuí nuair is gá.

Má mheasann an scoil nach féidir riachtanais chúraim dalta a shásamh go leordhóthanach le linn turais scoile, féadfar diúltú don iarratas ar mhaithe le leas agus sábháilteacht an dalta féin agus sábháilteacht an ghrúpa ina iomláine.

Bheadh rogha ag an Tuismitheoir/Caomhnóir taisteal ar an turas sa gcás seo.

Riosca a Bhainistiú ar Thurais Oideachais

Ní mór do mhúinteoirí atá ag planáil daltaí a thabhairt ar thurais scoile, ar thurais oideachais nó ar ghníomhaíochtaí scoile a bheith eolach ar **Threoir Céim ar Chéim IPB Insurance maidir le Riosca a Bhainistiú ar Thurais Oideachais**, mar go gcabhraíonn an treoir seo lenár scoil rioscaí a aithint, a mheas agus a bhainistiú le linn turas oideachais.

Is féidir le planáil chuí agus measúnú riosca cuidiú lena chinntiú go mbeidh eispéireas dearfach, sábháilte agus tairbheach ag gach rannpháirtí ar an turas, ar an ngníomhaíocht nó ar an imeacht scoile. Cuirfidh measúnú riosca ar gach turas, turas oideachais nó gníomhaíocht atá beartaithe ar chumas na scoile líon cuí na múinteoirí a bheidh ag gabháil leis na daltaí a chinneadh, agus cabhróidh sé freisin le sláinte, sábháilteacht agus folláine gach duine atá páirteach a chinntiú.

Áireofar i measúnú riosca:

1. Na rioscaí a aithint
2. Na rioscaí a mheas
3. Na rioscaí a bhainistiú
4. Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar na rioscaí.

Míreanna Measúnú Riosca le meas:

1. Líon na scolairí
2. Airgead/Maoiniú
3. Suíomh an turas
4. Soláthar Garchabhair
5. Aimsir
6. Gníomhaíochtaí – riosca ard/riosca íseal
7. Cumarsáid le linn an turas
8. Árachas tasiteal
9. Árachas eile
10. Módh iompar
11. An mbeidh am saor ag scolairí gan feitheoireachta – m.sh siopadóireacht

POLASÁÍ TAISTIL

Nuair atá Riosca á mheas ba cheart an chairt thíos a úsáid.

Dealraitheacht (Likelihood)				Tionchar (Impact)			
A	B	C	D	A	B	C	D
An-Ard	Ard	Meánach	Íseal	An-ard	Ard	Meánach	Íseal